Ceolchoirm U2

"Go raibh maith agat as na ticéid do cheolchoirm U2 i bPáirc an Chrócaigh," arsa Ruairí le Lára ar an bhfón.

"Ó fuair tú iad!" arsa Lára.

"Fuair," arsa Ruairí. "Fuair m'aintín ticéad freisin. Ar mhaith leat teacht linn?"

"Ba mhaith," arsa Lára. "Go raibh maith agat!"

Bhí an cheolchoirm ar siúl san oíche. Bhí na soilse ar lasadh. Bhí Ruairí, Lára agus aintín Ruairí thuas staighre. Bhí radharc iontach acu.

Tháinig U2 ar an stáitse ar a naoi a chlog. Thosaigh gach duine ag béiceadh nuair a chonaic siad Bono. Bhí spéaclaí gréine buí air. Bhí sé ag canadh, ag léim, ag damhsa agus ag rith ó thaobh go taobh.

Chan an banna seanamhráin agus amhráin nua. Bhí Ruairí agus Lára ag canadh in éineacht leo. Chríochnaigh siad le "Beautiful Day".

"Oíche mhaith anois," arsa Bono ar a haon déag a chlog, "agus slán abhaile!"

Thug gach duine bualadh bos mór dóibh.

Ar an mbealach amach cheannaigh Ruairí t-léine do Lára.

"Go raibh maith agat," arsa Lára. "Bhí mé ag an gceolchoirm agus anois tá an t-léine agam."

Cleachtaí

A. Fíor nó Bréagach?

1. Bhí an cheolchoirm ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. _____
2. Chonaic Ruairí agus Lára an cheolchoirm ar an teilifís. _____
3. Bhí spéaclaí gréine dearga ar Bono. _____
4. Bhí Bono ag léim agus ag rith. _____
5. Chríochnaigh U2 le "Beautiful Day". _____
6. Cheannaigh Lára t-léine do Ruairí. _____

B. Freagair na ceisteanna.

1. Cé a thug na ticéid do Ruairí? _____
2. Cé a chuaigh go dtí an cheolchoirm? _____
3. Céard a bhí ar lasadh? _____
4. Cathain a thosaigh gach duine ag béiceadh? _____
5. Cén sórt spéaclaí gréine a bhí ar Bono? _____
6. Céard a cheannaigh Ruairí do Lára? _____

C. Scríobh isteach na focail chearta ón scéal.

Bhí _____ U2 i bPáirc an Chrócaigh. Chuaigh Ruairí, a aintín agus _____ go dtí an cheolchoirm. Bhí na _____ ar lasadh. Chríochnaigh U2 an cheolchoirm le _____ _____.

D. Scríobh 4 fhocal ón scéal leis na litreacha seo.

1. _____ 3. _____
2. _____ 4. _____